



## CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ	1
2. FEIDHMEANNA CRO	2
3. NUA I 2014	8
4. Ag TEACHT IN 2015	11
AGUISÍN 1: MIONSTADREAMH	13
AGUISÍN 2: AIRGEADAS	38
AGUISÍN 3: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE	39

## RÉAMHRÁ

Is é Ráiteas Misin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO):

mairseacht a dhéanamh ar an ráta is airde comhdaithe tuairisceán bliantúil, den cháilíocht is fearr, ag cuideachtaí i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha, agus a chinntiú gur tráthúil í aon fhaisnéis faoi na cuideachtaí a fhoilseoidh an CRO ina dhiaidh sin agus gur léiriú cruinn a bheidh inti ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag na cuideachtaí sin.

Ag deireadh na bliana 2014 bhí timpeall is 192,000 cuideachta ar an gclár, agus mar thoradh air sin comhdaíodh os cionn 404,547 dtaisceadh leis an CRO le linn 2014. Is ar bhonn leictreonach a comhdaíodh 67% de na doiciméid go léir.

Rinne an CRO comhlíonadh stuama ar théarmaí a mhisin in 2014, agus baineadh amach an sprioc faoi dheireadh na bliana de 88% de na cuideachtaí a bheith cothrom le dáta maidir lena dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú. B'ionann ioncam iomlán na bliana agus €18.597 milliún.

Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhfheidhmeanna an CRO le linn na bliana 2014. Tá scagadh níos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí agus na staitisticí éagsúla leagtha amach sna hagusíní a leanas.

## FEIDHMEANNA AN CRO

### Ríomhchomhdú

Tá an ríomhchomhdú fós á chur chun cinn ag an CRO mar an modh comhdaithe is rogha leis. Tá buntáistí suntasacha ó thaobh éifeachtúlachta agus costais ag baint leis do láithreoirí agus don CRO araon. Mar sin féin, ceadaíonn an CRO comhdú páipéir má roghnaíonn láithreoirí gan a gcuid doiciméad a ríomhchomhdú. Scantar na taiscí páipéir go léir go dtí an clár lena chinntiú go mbeidh rochtain leictreonach ag an bpobal orthu freisin. Is ar líne a rinneadh níos mó ná 97% (307,292) de na cuardaigh ar chlár an CRO in 2014. Tháinig úsáid an ríomhchomhdaithe chun cinn arís in 2014. Ríomhchomhdaíodh 269,490 taisce, is é sin 67% de na foirmeacha reachtúla de chuid an CRO a fuarthas, i gcomparáid le 66% in 2013 (17,000 doiciméad breise ríomhchomhdaithe). Rinneadh 85% de na tuairisceáin bhliantúla a ríomhchomhdú, is é sin méadú 3% ar fhigiúr na bliana 2013.

San iomlán, rinneadh ríomhchomhdú ar 80% de na doiciméid dá raibh an rogha sin ar fáil. Spáráil cuideachtaí timpeall is €5m i dtáillí comhdaithe le linn 2014 trí dhoiciméid a ríomhchomhdú.

Bhí forbairt roghanna ríomhchomhdaithe eile dírithe ar ullmhú do thosach feidhme Acht na gCuideachtaí 2014.

### Doiciméid larchorpraithe

Uair agus a chorpraítear cuideachta nua, beidh dualgais chomhdaithe fós uirthi leis an CRO ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ad hoc. Mar shampla, má éiríonn stiúrthóir as oifig agus má cheaptar stiúrthóir nua, ní mór fógra faoi na hathruithe sin a chomhdú leis an CRO. Comhdaítear líon mór taiscí den chineál sin, agus comhdaíodh os cionn 69,000 athrú stiúrthóra/rúnaí agus timpeall is

15,000 athrú ar sheoladh cuideachta leis an CRO in 2014. Ina thaobh sin, tá an méadú ar an úsáid a bhaineann an CRO as an ríomhchomhdú agus as an uathchlárú fós ina ghné thábhachtach maidir le tréimhsí ama a choinneáil laistigh de theorainneacha réasúnta. B'ionann líon na ndoiciméad a bhaineann le scaireanna a cláraíodh in 2014 agus 21,117.

## **Tuairisceáin Bhliantúla (Foirm B1 agus cuntais)**

Fuarthas 178,735 cinn de tuairisceáin bhliantúla san CRO in 2014, agus is trí mheán leictreonach a comhdaíodh 132,844 (níos mó ná 84%) de na tuairisceáin bhliantúla ar fad in 2014.

Tá an fhoireann próiseála fós ag obair ar fheabhas a chur ar cháilíocht agus tráthúlacht na dtaiscí arna bhfáil ar an gClár agus i R1 2014, faoi théarmaí Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013, chuir sí chun feidhme próiseas nua ionas gur féidir cóipeanna de chuntais arna síniú i gclóscríobh a chomhdú mar cheangaltáin pháipéir nó a uaslódáil mar cheangaltáin PDF. Tháinig méadú ar líon na dtuairisceán bliantúil a ndearnadh ríomhchomhdú orthu dá bharr sin agus fuarthas 5,400 tacar cuntas i bhfoirm PDF i rith na bliana (4% den iomlán).

## **Buaiceanna séasúracha**

Is iondúil go dtagann brú séasúracha ar an CRO, go háirithe le linn mhí Dheireadh Fómhair, mhí na Samhna, agus mhí Eanáir nuair a ardaíonn líon na dtuairisceán bliantúil a fhaightear ó mheánmhéid de thuairim is 12,000 in aghaidh na míosa go dtí meánmhéid 20,000 in aghaidh na míosa.

Leanann an CRO ag déileáil go tráthúil leis na buaiceanna séasúracha, agus is iondúil go nglantar aon riaráiste laistigh de sheachtain nó deich lá. B'amhlaidh a bhí arís eile in 2014 agus baineadh amach an méid sin a bhuíochas, den chuid is mó, le comhoibriú leanúnach, tiomantas agus saíneolas na foirne cléireachais sa dá oifig de chuid an CRO.

## **Riaráiste na dtuairisceán bliantúil neamhchláraithe (Foirmeacha B1)**

Na tuairisceáin bhliantúla a éiríonn leo dul trí sheiceálacha áirithe, "glactar" leo ar an gClár agus is féidir leis an bpobal iad a iniúchadh cúpla lá tar éis don CRO iad a fháil. Sula ndéantar na doiciméid sin a "chlárú" áfach, ní mór seiceáil níos mionsonraithe a dhéanamh orthu. Is é is brí le "clárú" i gcomhthéacs an CRO ná a dhearbhu nach féidir na doiciméid a chur ar ais nó a bhaint den Chlár.

Tá riaráiste na dtuairisceán bliantúil neamhchláraithe laghdaithe ó bhreis is 500,000 in 2007 go dtí 100,409 faoi dheireadh 2014. Fágann sé sin go bhfuil isteach is amach le 1.6 milliún tuairisceán bliantúil cláraithe le seacht mbliana anuas, agus tuairisceáin nuachomhdaithe san áireamh. Is toradh é sin ar uathchlárú na dtuairisceán bliantúil ríomhchomhdaithe arna gcomhlánú mar is ceart agus tiontú na dtuairisceán bliantúil páipéir go dtí formáid leictreonach trí thionscadal iontrála sonraí atá fós ar bun.

In 2014, cláraíodh 147,842 B1, agus, díobh sin, uathchláraíodh 144,220, cláraíodh 3,622 de láimh agus cuireadh ar ais 912 lena gceartú.

## **An scéim um tharscaoileadh pionóis maidir le comhdú déanach**

Feidhmíonn an CRO Scéim um Tharscaoileadh Pionóis maidir le Comhdú Déanach faoina gceadaítear tarscaoileadh aon-uaire, agus aon-uaire amháin, ar na pionóis um chomhdú déanach arna dtabhú de bharr comhdú déanach ar thuairisceán bliantúil, lena dheonú (a) do chineálacha áirithe cuideachtaí seachbhrabúsacha nó (b) i bhfor-imthosca foiche Dé.

Rinneadh 1,000 iarratas ar tharscaoileadh in 2014, laghdú beag ar 1,1016, figiúr na bliana 2013. Ón iomlán, deonaíodh 49.7% de na hiarratais. B'ionann luach airgeadúil na bpionós a tarscaoileadh in 2014 agus €520,330. As na cinntí a eisíodh, rinneadh achomharc i leith 65 chinneadh, dar deonaíodh 7 gcinn de bharr tuilleadh fianaise a bheith curtha ar fáil, ceadaíodh 3 tharscaoileadh go páirteach agus seasadh le 55 bhunchinneadh.

Scéim riaracháin is ea an Scéim um Tharscaoileadh Pionóis maidir le Comhdú Déanach a mbaineann fadhbanna léi agus a ghlacann a lán ama, toisc nach mór tuillteanais gach cáis a mheas de réir a bhfiúntais féin agus gur minic nach mór dul i mbun comhfhreagras fada agus glaonna fada teileafóin sular féidir cinneadh scríofa a thabhairt.

Foráiltear faoin dlí faoi láthair gur féidir le cuideachtaí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar am breise inar féidir leo a dtuairisceán bliantúil a chomhdú gan an díolúine i leith iniúchta a chailleadh agus gan pionóis um chomhdú déanach a íoc. Toisc go mbaineann costas mór le cás a thabhairt chun na hArd-Chúirte, áfach, ní bhaineann mórán cuideachtaí leas as an bhforáil sin. Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, a bhfuiltear ag súil a mbeidh tosach feidhme leis ar an 1 Meitheamh 2015, ceadófar do chuideachtaí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar a thuilleadh ama chun tuairisceáin bhliantúla a chomhdú, chomh maith le hiarratais chun na hArd-Chúirte. Nuair a bheidh tús feidhme curtha leis an gcuid sin den Acht, cuirfear deireadh leis an Scéim um Tarscaoileadh atá i bhfeidhm faoi láthair.

## **Morgáistí agus Muirir**

Coimeádadh clár morgáistí cothrom le dáta in 2014 trína chinntiú go ndearnadh doiciméid a scanadh agus a chlárú i gcomhlíonadh an tráthchláir chomhaontaithe a bhí leagtha amach sa phlean gnó. Fuarthas 9,515 C1 (morgáistí agus muirir arna gcruthú ag cuideachtaí Éireannacha) in 2014, méadú nach beag de 2308 (32%) ar an líon 7,207 a fuarthas in 2013. B'ionann an líon Foirmeacha C6 (dearbhu reachtúil ar shásamh iomlán muirir) a fuarthas in 2014 agus 4,195, laghdú 20% ar líon 5,272 na bliana 2013. Tá líon foriomlán na ndearbhuithe ar shásamh muirear méadaithe de 21% ó 2012 i leith.

## **Leachtú agus Glacadóireacht Cuideachtaí**

Coimeádadh clár an leachtaithe, clár na glacadóireachta agus clár na scrúdaitheoireachtaí cothrom le dáta trí gach doiciméad a fuarthas a chlárú i gcomhlíonadh an tráthchláir chomhaontaithe a bhí leagtha amach sa phlean gnó.

Tháinig méadú beag ar líon na n-imeachtaí leachtaithe arna dtionscnamh go dtí 2,008 in 2014, i gcomparáid le 1,967 in 2013, ach is ionann é agus laghdú 10% ar 2,236, líon na bliana 2012. Lean an treocht anuas maidir le líon na gcuideachtaí ar ceapadh glacadóirí ina leith le laghdú 89 ar an líon sin, ó 553 in 2013 go dtí 462 in 2014.

## **Forfheidhmiú**

In 2014, lean an CRO le forfheidhmiú Achtanna na gCuideachtaí i gcoinne cuideachtaí nár chomhlíon a gcuid dualgas comhdaithe maidir le tuairisceáin bhliantúla trí bhaint ainneonach den chlár agus trí chuideachtaí a ionchúiseamh. Ionchúisíodh 66 chuideachta a mhainnigh tuairisceáin bhliantúla a chomhdú, ónar cúisíodh 34 chuideachta, lenar tugadh isteach €40,750 i bhfíneálacha. Baineadh 6,840 cuideachta den chlár ar bhonn ainneonach agus baineadh 4,309 gcuideachta de ar bhonn deonach. Cuireadh 706 chuideachta ar ais ar an gclár. D'éirigh go maith leis an tsaoráid riaracháin um athchlárú mear.

Chabhraigh an CRO le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) i rith na bliana ina caingean chun dícháiliú/srian a bhaint amach i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscailte trí mhionnscribhinní agus deimhniú tacaíochta a sholáthar.

Eisíonn an CRO litreacha meabhrúcháin do gach cuideachta maidir le dátaí na dTuairisceán Bliantúil. Is ar an ríomhphost a eisíodh cuid mhaith díobh sin in 2014, rud a spáráil airgead nach beag ar an Oifig gan cur isteach ar sheirbhís na meabhrúchán. Próiseáladh 4,425 iarratas ar Bhaint Dheonach den Chlár (Foirmeacha H15) in 2014. Déantar gach H15 a chomhdú ar pháipéar toisc go gceanglaíonn an CRO nach mór litir neamh-agóide ó na Coimisinéirí loncaim agus bunchóip d'fhógra nuachtáin a chomhdú leis an bhfoirm iarratais.

## **Comhpháirtíochtaí Teoranta agus Cuideachtaí Seachtracha**

Baineadh amach na spriocanna maidir le próiseáil na ndoiciméad i ndáil le gach Comhpháirtíocht Theoranta agus Cuideachta Sheachtracha laistigh de 15 lá i ndiaidh iad a fháil.

## **Ainmneacha Gnó**

Laghdaíodh go mór ar an achar ama próiseála d'iarratais ar Ainmneacha Gnó ó rinneadh atheagrú ar nósanna imeachta in 2011. As na hiarratais arna gcomhlánú i gceart, cláraítear 80% díobh agus eisítear deimhniú ina leith laistigh de sheachtain amháin; cláraítear 88% díobh laistigh de dhá sheachtain agus cláraítear 96% díobh laistigh de thrí seachtaine.

Chláraigh an CRO 25,663 ainm gnó nua in 2014, laghdú 0.5% ar fhiigiúr na bliana 2013. Ríomhchomhdaíodh thart ar 90% de na hiarratais ar ainmneacha gnó in 2014.

Coimeádadh clár na stiúrthóirí atá dícháilithe nó a bhfuil srian orthu cothrom le dáta freisin, agus leanadh ar bhonn rialta d'eisiúint tuairiscí ar chuideachtaí atá faoi leachtú don ODCE.

Leanadh ar aghaidh in 2014 le hathbhreithniú ar chuideachtaí ina raibh an leachtú neamhghníomhach, agus seoladh litreacha chuig leachtaitheoirí ag iarraidh orthu na tuairisceáin dhlite a chomhdú. De bharr an athbhreithnithe sin, baineadh 72 chuideachta den Chlár agus díscáoileadh iad.

## **Faisnéis, Fiosraithe agus an Oifig Airgid Thirim**

Soláthraíonn an tAonad Faisnéise seirbhís túslíne do chustaiméirí a théann i dteagmháil leis an Oifig ar an teileafón, ar an bhfacs, tríd an bpost agus ar an ríomhphost. Is é an buntáiste a bhaineann leis sin do chustaiméirí an CRO gur féidir ceist a réiteach tráth an chéad ghlaio agus deireadh a chur leis an gcrá a bhaineann le haistriú an ghlaio. Cuireann an t-aonad seirbhís tosaigh ar fáil d'fhoireann na hOifige freisin, ionas go mbeidh na rannóga líne ábalta a gcuid dualgas sonracha féin a chomhlíonadh gan aon chur isteach orthu. Ciorraítear dá réir am próiseála na ndoiciméad arna gcomhdú.

D'fhreagair an tAonad Faisnéise ní ba mhó ná 57,500 glao le linn 2014, meánmhéid de 1,100 glao in aghaidh na seachtaine, agus bhí meán-am feithimh de nóiméad amháin agus 20 soicind i gceist in aghaidh an ghlaio teileafóin. Freagraíodh breis is 11,000 ríomhphost le linn 2014 trí chóras láimhseála ríomhphost an CRO ag [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie), agus freagraíodh 85% de na teachtaireachtaí sin laistigh d'ocht n-uaire a chloig oibre. Ina theannta sin, d'eagraigh an tAonad Faisnéise rannpháirtíocht an CRO i dtaispeántais, i seimineáir agus i laethanta oscailte le linn 2014.

Lean an Oifig Phoiblí ag plé le daoine a bhuail isteach chuig an CRO ó 9.30 – 16.30 i rith 2014. Chomh maith le cuidiú le daoine a bhuaileann isteach chun na hoifige agus ceisteanna acu, bainistíonn an tAonad iarratais ar chóipeanna de thaiscí arna gcomhdú ag cuideachtaí, eisiúint deimhnithe dúblacha agus nithe eile amhail litreacha stádais.

## Cúrsaí Airgeadais Caiteachas 2014

B'ionann caiteachas na bliana 2014 don CRO agus €6.751m. Laghdú €3.053m (31%) is ea an tsuim sin ar an gcaiteachas bliantúil ó 2008. Tá an laghdú ar chaiteachas an CRO idir 2008 agus 2014 le feiceáil sa tábla thíos. In 2014, cuireadh leis an leithdháileadh buiséadach chun foráil a dhéanamh do chur chun feidhme Acht na gCuideachtaí 2014.

€ €000 Toradh	2008	2009	2010	2011	2012	2013	Solá- thar 2014	Toradh 2014	Spáráil Airgid 2014
<b>Pá</b>	6.062m	5.439m	4.826m	4.825m	4.700m	4.489m	4.585m	4.411m	0.174m
<b>Nea- mh- Phá</b>	3.739m	3.29m	3.072m	2.635m	2.289m	2.205m	2.480m	2.340m	0.140m
<b>Iomlán</b>	9.801m	8.729m	7.898m	7.460m	6.989m	6.989m	7.065m	6.751m	0.314m

## Ioncam 2014

Fuair CRO ioncam €18.597m in 2014, laghdú 4.1% ar ioncam €19.394m na bliana 2013. Tá treocht anuas le sonrú i bhfáltais an CRO le blianta beaga anuas de bharr níos mó cuideachtaí a bheith ag comhdú a gcuid tuairisceán bliantúil in am, rud a fhágann go mbíonn líon níos lú pionóis um chomhdú déanach le híoc, agus de bharr líon níos mó cuideachtaí a bheith ag déanamh comhdú leictreonach ar a gcuid foirmeacha, trínar féidir leo leas a bhaint as táillí comhdaithe níos ísle.

Rinneadh miondealú ar fháltais na bliana 2014 faoi na ceannlínte seo a leanas:-

<b>Ioncam CRO</b>	<b>2013 €</b>	<b>2014 €</b>
<b>Pionóis um chomhdú déanach</b>	<i>10.614m</i>	<i>9.679m</i>
<b>Táillí taiscthe</b>	<i>7.084m</i>	<i>7.784m</i>
<b>Táillí um Chlárlann na gCara-Chumann</b>	<i>0.057m</i>	<i>0.063m</i>
<b>Ilghnéitheach (Fiosrúcháin, Díol Ollsonraí, Nótaí Creidmheasa, iarmhéideanna Cuntais Custaiméara, etc.)</b>	<i>1.648m</i>	<i>1.074m</i>
<b>IOMLÁN:</b>	<i>19.394m</i>	<i>18.597m</i>

Is ionann an Meastachán A-in-A do CRO agus do Chlárlann na gCara-Chumann in 2015 agus €17.05m.



## Rannóg na bhFoilseachán

Tá sé d'fhreagracht ar Rannóg na bhFoilseachán plean feachtais a chur i bhfeidhm, lena mbaineann rochtain a fheabhsú ar Bhileoga Faisnéise CRO, ar Fhoirmeacha CRO agus ar Shuíomh Gréasáin CRO agus cur le feasacht custaiméirí ina leith. Foilsíonn an CRO feasachán leictreonach rialta a chuireann eolas cothrom le dáta ar fáil maidir le nósanna imeachta, cleachtais agus seirbhísí na hOifige. Níl aon táille ar an bhfeasachán. Tá fáil ar threoracha faoi chlárú don tseirbhís ar [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

Tá Rannóg na bhFoilseachán ag déanamh scrúdú agus comhordú ar gach gné seachas cúrsaí TF i ndáil le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus tá sí ag déanamh monatóireachta ar an tionchar a bheidh ag an Acht ar riachtanais ghnó an CRO agus a chuid custaiméirí. Forbraíodh straitéis chumarsáide in 2014 atá le cur chun feidhme sa chéad leath de 2015 lena chinntiú go dtabharfar fógra leordhóthanach dár bpáirtithe leasmhara faoi athruithe ar an reachtaíocht de bharr Acht na gCuideachtaí 2014.

## Iniúcháirí Neamhchláraithe

Is cion é faoi Achtanna na gCuideachtaí gníomhú mar iniúcháir mura bhfuiltear cáilithe ina leith sin, agus fágann sé an ciontóir faoi réir ionchúisimh ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE). In Aibreán 2011, chuir an CRO córas nua i bhfeidhm chun láithreoirí a dhíspreagadh (a) maidir le tuarascáil iniúchára arna síniú ag iniúcháirí neamhchláraithe a chomhdú nó (b) maidir le tuarascáil iniúchára arna síniú go calaoiseach le hainm iniúchára chlárúithe a chomhdú. Ní mór do láithreoir tuairisceáin bhliantúil lena ngabhann cuntais iniúchta Uimhir Chláraithe an Iniúchára (Auditor's Registration Number nó ARN) a chur ar an bhfoirm B1. Seolann an CRO ríomhphost ina dhiaidh sin chuig úinéir an ARN sin chun an té sin a chur ar an eolas gur baineadh úsáid as an ARN ar fhoirm B1 na cuideachta áirithe sin.

In 2014, chinn CRO gur chomhdaigh 37 gcuideachta tuarascálacha iniúchára a bhí sínithe ag 12 dhuine aonair nó ghnólacht nach raibh liostaithe ar Chlár na nIniúcháirí. Thairis sin, tugadh 60 cás le fios don CRO, a bhain le 23 iniúcháir, inar shonraigh an t-iniúcháir aonair nó an gnólacht iniúcháireachta a raibh a gcuid ainmneacha ar thuarascáil an iniúchára nárbh é, í nó iad a rinne an t-iniúchadh. Tar éis ghníomh a rinne an CRO, tá cuntais nua curtha isteach ag 62 chuideachta san iomlán ó shin i leith agus diúltaíodh do thuirisceáin bhliantúla 7 gcuideachta. Táthar fós ag leanúint de 35 chás, lena n-áirítear roinnt cásanna ó bhlianta roimhe sin.

Tuairiscíonn CRO gach cás maidir le hiniúcháirí neamhchláraithe don ODCE. D'éirigh leis an ODCE roinnt cásanna den sórt sin a ionchúiseamh in 2014. Tagann na cionta sin i gceist faoi Alt 187 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (cáilíocht le haghaidh ceaptha mar iniúcháir) agus Alt 242 d'Acht na bliana 1990 (faisnéis bhréagach a thabhairt don Chláraitheoir). D'éirigh leis an ODCE beirt a ionchúiseamh faoi Alt 187 agus Alt 242 d'Acht na bliana 1990. Beidh tuilleadh cásanna ionchúisimh ag teacht os comhair na cúirte in 2015.

## Corprú Cuideachtaí Nua

In 2014 corpraíodh 17,782 Chuideachta Nua. Sin meánmhéid de bhreis is 1,481 chuideachta nua in aghaidh na míosa.

Rinneadh na trí scéim corpraithe cuideachta, mar a léirítear thíos, a fheidhmiú ar bhonn seasta i gcomhlíonadh ár gcuid spriocanna um sheirbhísí custaiméirí agus laistigh de na tréimhsí ama a leagadh síos le linn 2014

Scéim Fé Phráinn – 10 lá oibre

Scéim Ar Líne A1 – 5 lá oibre

Gnáthscéim – 15 lá oibre

## **Seirbhísí Gréasáin**

Tá a shaoráid "Seirbhísí Oscailte" fós á forbairt ag an CRO. Is Comhéadan Feidhmchláir (API) iad na Seirbhísí Oscailte lena gcuirtear ar a gcumas d'fhorbróirí bogearraí sonraí saor in aisce ón CRO i leith cuideachtaí agus taiscí a chur san áireamh ina gcuid feidhmchlár. Ón 29 Samhain 2012, is féidir le sealbhóirí Cuntais Custaiméara atá cláraithe i gcomhair na Seirbhísí Oscailte sruthlíniú doiciméad ón CRO a chuimsiú ina gcuid feidhmchlár féin freisin. Cuireann sin ar a gcumas d'fhorbróirí doiciméad atá le cur isteach a thaispeáint go díreach dá gcustaiméirí agus an t-aga ordaithe a bhaineann le híomhá a cheannach a laghdú go mór. Is ionann an costas in aghaidh na híomhá agus an costas a bhaineann leis an íomhá a cheannach go díreach trí shuíomh chuardaigh cuideachta an CRO. Saoráid is ea na Cuntais Custaiméara ag an CRO a chuireann ar an gcumas do láithreoirí rialta chun na hOifige airgead a lóisteáil ónar féidir íoc as comhdaithe aonair ina dhiaidh sin. Féadfar cuntais a oscailt ar líne. Chomh luath agus a dhéanfar iarratas ar líne, is féidir leis an láithreoir an cuntas a úsáid ar an bpointe.

## **Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2014**

Tá an CRO lonnaithe i dTeach Parnell, Baile Átha Cliath, agus ar Bhóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. Is é an CRO an príomhúsáideoir fuinnimh i dTeach Parnell (67%) agus comhroinneann sé an foirgneamh, mar aon le ceaintín, 3 sheomra cruinnithe, leithris agus an forhalla, le Cláráitheoir na gCara-Chumann agus leis an Údarás Iomaíochta. Is é CRO Cheatharlach a bhaineann an úsáid is lú as an bhfuinneamh ar Bhóthar Uí Bhriain (45%) agus tá an foirgneamh, mar aon le ceaintín, leithris agus an forhalla, comhroinnte idir é féin agus an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta.

Tugadh aitheantas don Fhoireann Fuinnimh i dTeach Parnell faoin tionscnamh Optimising Power @ Work in 2010 agus bhain an foirgneamh an dara háit amach sa chatagóir Foirgneamh is Fearr Feidhmíochta – Foirgnimh Aeroiriúnaithe. Tá rátáil fuinnimh D2 ag Teach Parnell faoi láthair, agus tá rátáil D1 ag Bóthar Uí Bhriain

In 2014, d'ídigh an CRO/Clárlann na gCara-Chumann (Baile Átha Cliath agus Ceatharlach) 922.58MWh fuinnimh, lenar cuimsíodh:

- 364.30MWh leictreachais;
- 558.28MWh de bhreoslaí iontaise, agus ba é an gás nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.
- Níl aon bhreosla in-athnuaite á úsáid ag an CRO faoi láthair.
- Astuithe CO<sub>2</sub>: 306,797kg

Is féidir an t-ídiú fuinnimh sin a mhiondealú de réir na láithreach:

Baile Átha Cliath – 810.96MWh fuinnimh inar cuimsíodh:

- 299.69MWh leictreachais;
- 511.27MWh de bhreoslaí iontaise, agus ba é an gás nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.
- Is iad tionóntaí eile an fhoirgnimh, an tÚdarás Iomaíochta, a íocann as 1/3 d'ídiú fuinnimh Teach Parnell. Baineann na figiúirí thuas leis an ídiú iomlán i dTeach Parnell.

Ceatharlach – 111.62MWh fuinnimh inar cuimsíodh:

- 64.61MWh leictreachais;
- 47.01MWh de bhreoslaí iontaise, agus ba é an gás nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.

#### **Gníomhartha ar tugadh fúthu in 2014**

- Seoladh ríomhphoist a bhaineann le Caomhnú Fuinnimh chuig an bhfoireann chun a mheabhrú dóibh ar fad monatóirí ríomhaire, printéirí srl a mhúchadh gach tráthnóna (sa dá láthair).
- 'Laethanta gan Ardaitheoirí' gach mí (Teach Parnell).
- Iniúchtaí fuinnimh Lasmuigh d'Uaireanta Oifige (Teach Parnell).
- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar uaireanta oibríochta an Aonaid Láimhseála Aeir (Teach Parnell).
- Rinneadh na huaineadóirí teasa a athshocrú go rialta ag teacht leis an aimsir (sa dá láthair).

Níl sé indéanta figiúirí sonracha a thabhairt maidir le caomhnú fuinnimh i leith gach ceann de na gníomhartha thuasluaite. Tháinig laghdú 1.8% ar úsáid leictreachais in oifig CRO i gCeatharlach in 2014 i gcomparáid le 2013. Tháinig ardú iomlán 9.4% ar úsáid breosla iontaise (gás) sa dá láthair. Tháinig ardú 4.7% ar an úsáid fuinnimh fhoriomlán agus tháinig ardú 8.3% ar astuithe CO<sub>2</sub> i gcomparáid le 2013.

#### **Gníomhartha atá Beartaithe don bhliain 2015**

- Póstaeir Feasachta Fuinnimh nua le cur in airde thart thimpeall an fhoirgnimh (sa dá láthair).
- Láithreoireachtaí don fhoireann (sa dá láthair).
- Iniúchtaí fuinnimh lasmuigh d'Uaireanta Oifige (sa dá láthair).
- 'Laethanta Gan Ardaitheoirí' míosúla

Meastar go bhféadfaí caomhnú fuinnimh idir 5-10% a bhaint amach mar thoradh ar fheachtais Feasachta Fuinnimh a chur ar bun. Trí leas a bhaint as Córais um Bainistiú Gnó, cuirtear ar a gcumas don dá oifig úsáid fuinnimh a bhainistiú go cianda agus go héifeachtach agus ba chóir go mbeadh caomhnú fuinnimh ina thoradh ar na córais sin amach anseo.

## CAD A BHÍ NUA IN 2014

### Acht nua na gCuideachtaí

Shínigh an tUachtarán Acht na gCuideachtaí 2014 ina dhlí ar an 23 Nollaig 2014. **Níl an tAcht nua curtha i bhfeidhm go fóill agus tá cuideachtaí fós ag feidhmiú faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2013.** Táthar ag súil leis go dtiocfaidh an tAcht nua i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2015.

Mar chuid den straitéis feidhmiúcháin atá againn i leith an Achta nua, tá rannán ar leith dár suíomh gréasáin ullmhaithe ag an CRO ina bpléitear leis an Acht. Cuireadh an rannán sin ar fáil don phobal i Meán Fómhair 2014. Foilsíodh dréachtbhileoga faisnéise agus dréachtfhoirmeacha comhdaithe i gcomhair aiseolais, agus tá sé ar intinn againn tuilleadh ábhair a chur leis an rannán ar bhonn leanúnach. Tá sé beartaithe go mbeidh an leagan deiridh de na foirmeacha agus na bileoga faisnéise foilsithe ar ár suíomh gréasáin faoi mhí Aibreáin ionas gur féidir le cliaint iad a athbhreithniú roimh thosach feidhme an Achta ar an 1 Meitheamh 2015.

Rinne an CRO láithreoireachtaí ag roinnt imeachtaí agus chuir sé ailt ar fáil d'fhoilseacháin de chuid páirtithe leasmhara nuair a bhí Acht na gCuideachtaí 2014 ag staid an Bhille, agus leanfaidh sé leis an obair sin in 2015.

### Tionscadail Nua

Cuireadh roinnt tionscadal chun feidhme sa CRO le linn 2014.

### Comhdú Leictreonach Cuntas

Cuireadh tús le comhdú leictreonach cuntas ar an 10 Márta 2014. Rinneadh ríomhchomhdú ar 5,400 (4%) tacar cuntas in 2014. Le linn na bliana 2015, beidh CRO ag obair chun cur leis an úsáid a bhaintear as saoráid chun cuntais chuideachta a chomhdú i bhformáid PDF.

Faoi Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013, éilítear go mbeidh sínithe CLÓSCRÍOFA ar na cuntais ar fad arna gcomhdú leis an CRO, agus baintear an ceangaltas maidir le sínithe i lámhscríbhinn a bheith ar na cuntais sin. Trí bhíthin na saoráide sin, is féidir le cuideachta lán-ríomhchomhdú a dhéanamh ar a tuairisceán bliantúil agus a cuid cuntas.

### Tairseach agus Foirmeacha Nuachóirithe um Ríomhchomhdú

Tá nuachóiriú nach beag á dhéanamh ar CORE (Timpeallacht Cláraithe Cuideachtaí Ar Líne nó Companies Online Registration Environment). Tá an comhéadan céanna is a bhí roimhe seo, a bheag nó a mhór, á thaispeáint dár gcustaiméirí ach tá feidhmeanna teicniúla nua á gcur leis an timpeallacht comhdaithe ar líne atá ag an CRO. Táthar ag súil leis go seolfar é go luath in 2015.

### Íocaíochtaí Cárta Creidmheasa agus Cárta Dochair

Tá íocaíochtaí cárta creidmheasa agus cárta dochair ar fáil i leith an Tuairisceáin Bhliantúil anois, agus is féidir íoc as raon seirbhísí de chuid an CRO nuair a bhítear ag comhdú doiciméad ar líne nó san Oifig Phoiblí. Ina theannta sin, is féidir le custaiméirí Cuntas Custaiméara a oscailt ar líne agus airgead a chur dhá shochar ar líne le Cárta Creidmheasa nó Cárta Dochair. Táthar ag súil go mbeidh oifig gan airgid thirim á feidhmiú amach anseo de bharr na roghanna íocaíochta leictreonaí sin a

bheith ar fáil.

## **Uathchlárú**

Tá sé ina chuspóir leanúnach ag an CRO cur le ráta “uathchlárúithe” na dtaiscí reachtúla ionas go nglanfar cuid den riaráiste atá ann i leith na dtaiscí sin.

## **Taking care of business**

Bhí an CRO ar cheann de níos mó ná 20 comhlacht Stáit a ghlac páirt in imeacht uileghnó ar bhonn póilótach, ‘Taking Care of Business’, arna eagrú ag an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta chun comhairle phraiticiúil a thabhairt do dhaoine atá ag smaoineamh ar ghnó nua a chur ar bun agus d’fhiontráithe atá i mbun gnó cheana féin.

Ghlac an CRO páirt i roinnt imeachtaí a reáchtáladh ar fud na tíre in 2014. Airíodh orthu sin imeacht in Óstán an Strand, Luimneach ar an 11 Márta 2014, agus imeachtaí ina dhiaidh sin in Óstán an Radisson i nGaillimh ar an 25 Márta 2014 agus in Óstán an Silversprings i gCorcaigh ar an 1 Aibreán 2014. Bhí imeacht deiridh na bliana 2014 ar siúl in The Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 16 Deireadh Fómhair 2014.

Ina theannta sin, d’fhreastail an CRO ar imeachtaí eile, amhail an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus chuir sé faisnéis ar fáil don lucht freastail i ndáil leis an ngnó a ndéanaimid agus le hathruithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

## **Cláir Ghnó a Idirnascadh**

Lean an CRO lena rannpháirtíocht le Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh um Dhlí Cuideachta. Táthar ag súil go gcuirfeadh i gcrích Gníomhartha Cur Chun Feidhme an bhliain seo chugainn, ag eascairt as Treoir 2012/17 ón AE maidir le Cláir Ghnó a Idirnascadh, agus é ina chuspóir an córas a bheith ar fáil beo in 2017. Nuair a bheidh na córais curtha i bhfeidhm, soláthróidh siad tairseach AE trínar féidir cuardaigh cuideachta ar fud an AE a dhéanamh, agus córas teachtaireachtaí leictreonacha idir Cláir Ghnó Bhallstáit an AE maidir le cumaisc trasteorann agus nochtadh brainsí.

## **AG TEACHT IN 2015**

### **Tosach feidhme Acht Nua na gCuideachtaí 2014**

Tiocfaidh Acht nua na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2015.

Tá sé beartaithe ag an CRO plean cumarsáide ilchéime a chur i bhfeidhm; fógrófar an reachtaíocht ar dtús i mí Eanáir, ansin beidh céimeanna eile ar bun i mí Aibreáin agus i mí an Mheithimh maidir le Foirmeacha CRO nua agus ceangaltais Comhshó faoi seach. I mí Aibreáin, cuirfeadh Fógrán Faisnéise ar an bpost chuig gach stiúrthóir cuideachta ar an gclár, ina leagfar amach na príomhathruithe. Leanfaidh CRO ar aghaidh freisin ag eisiúint nuachtlitreacha ríomhphoist agus ag déanamh cumarsáide rialta lenár gcustaiméirí agus le grúpaí páirtithe leasmhara maidir leis an Acht Nua.

Nuair a bheidh Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm, ceadófar do chuideachtaí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar a thuilleadh ama chun a dTuairisceáin Bhliantúla a

chomhdú, chomh maith le hiarratais chun na hArd-Chúirte. Cuirfear deireadh ansin leis an Scéim um Tharscaoileadh Pionóis, scéim riaracháin atá i bhfeidhm ag an CRO faoi láthair.

## **Ríomhchomhdú**

Beidh gach iarracht á déanamh ag an CRO chun leanúint ar aghaidh ag cur chun feidhme agus ag cur chun cinn rogha an ríomhchomhdaithe trí chonstaicí i gcoinne an ríomhchomhdaithe a bhaint, trí chur le líon na foirmeacha atá ar fáil ar líne agus trí fheabhas a chur ar na roghanna íocaíochta ar líne do chustaiméirí a bhaineann leas as an ríomhchomhdú, rud ar chóir go mbeadh laghdú foirne sa CRO ina thoradh air le himeacht ama.

Seolfar an tairseach nuachóirithe CORE um ríomhchomhdú agus déanfar na foirmeacha leictreonacha a chomhtháthú ar an teicneolaíocht níos nuáí sin, a fhágfaidh go mbeidh dealramh níos inúsáidte agus níos nua-aimseartha ar an tairseach.

Cuirfidh CRO córas um dheimhnithe digiteacha ar fáil mar rogha ar dheimhnithe páipéir. Leis sin, cuirfear ríomhdhoiciméad ar fáil do chustaiméirí ar féidir é a dháileadh ar shlí leictreonach agus ina mbeidh gnéithe slándála lena gcruthaítear gurb é an CRO a d'eisigh é agus nach ndearnadh crioscaíl leis. Cuirfidh an CRO deimhnithe digiteacha ar fáil de réir a chéile, agus beidh cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid ar fáil gar do thús na bliana, agus deimhnithe ar chlárú ainm gnó, ar chorprú cuideachta agus ar mhorgáistí ag teacht ina ndiaidh sin.

## **An Ríomh-Lá**

Leanfaidh an CRO ar aghaidh ag cuidiú leis an 'Ríomh-Lá' agus á chur chun feidhme – is é sin an tionscnamh Rialtais chun fáil réidh le híocaíocht seiceanna. De bharr líon mór na seiceanna a fhaigheann an CRO, dheonaigh an Roinn Airgeadais díolúine dó, trínar cuireadh síneadh go dtí 2016 leis an tráthchlár maidir le cur chun feidhme íocaíochtaí ar bhonn leictreonach amháin. Déanfaidh an CRO malairt roghanna íocaíochta a scrúdú, a ullmhú agus a chur chun feidhme do chustaiméirí ar iondúil leo íoc le seic, agus leanfaidh sé do chur chun feidhme roghanna íocaíochta ar líne maidir le gach foirm arna comhlánú go leictreonach.

Ag teacht le beartas an Rialtais fáil réidh le húsáid seiceanna, tá sé beartaithe ag an CRO stopadh de réir a chéile ag glacadh le gach cineál íocaíochta páipéir le linn 2016.

## **Eircode**

Bhí an CRO i mbun oibre i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le linn 2014 mar cheann de chéad úsáideoirí an chórais Eircode. Nuair a bheidh Acht na gCuideachtaí 2014 curtha i bhfeidhm, tosóidh an CRO ag bailiú na gcód Eircode agus á dtaispeáint ar ár gelár.

## AGUISÍN 1 MIONSTADREAMH

### Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

#### Comhdhéanamh an Chláir ag Deireadh 2014


	2013	%	2014	%
Príobháideach Teoranta	161,071	86.07	166,166	86.36
Poiblí Teoranta	1,706	0.91	1,667	0.87
Neamhtheoranta	4,324	2.31	4,401	2.29
Ráth	15,461	8.26	15,381	8.00
Seachtrach	4,552	2.43	4,770	2.47
EEIG	25	-	25	-
Iomlán	187,139		192,410	

*Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.*

#### Gníomhaíocht ar Chlár na gCuideachtaí in 2014

	2013	2014	% +/-
Líon iomlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe as seo bhí	15,506	17,782	+14.68
Príobháideach Teoranta	14,727	17,018	+15.56
Poiblí Teoranta	132	108	-18.18
Neamhtheoranta	180	181	+0.56
Ráth	467	475	+1.71
 Athshlánaithe			
Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chlár	638	556	
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda	140	150	
 Cuideachtaí a Díscóileadh	13,583	13,008	
 Athrú Glan	+2,701	+5,480	

Líon iomlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2014:	17,782
Líon iomlán na gcuideachtaí a díscóileadh le linn 2014:	13,008
Líon íomlán na gcuideachtaí a athshlánaíodh chuig an gclár in 2014:	706
Líon na gcuideachtaí aon bhall ar an gclár:	57,830



### Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár

Déanann alt 311(8) agus alt 311A d'Acht na gCuideachtaí, 1963, agus alt 12B.(3) agus alt 12C d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 foráil d'athshlánú cuideachta díscailte chuig Clár na gcuideachtaí. Féadann cuideachta a bheith athshlánaithe chuig an gClár trí iarratas a dhéanamh go dtí :

- An Ardchúirt sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte
- An Chúirt Chuarda sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás gur creidiúnaí an t-iarratasóir
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula mbeidh dhá mhí dhéag téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás go ndéanann an chuideachta an t-iarratas, nó go ndéantar ar a son é.


